Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2004

12.12.2025

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/2004 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Deireadh Fómhair 2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2833 a mhéid a bhaineann le maoluithe ar fhaisnéis trádála laistigh den Aontas agus faisnéis clibeála áirithe a thuairisciú, agus le meáchan tuinníní gorma aonair a chinneadh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm (*Thunnus thynnus*) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) é an tAontas, ós rud é go ndearna sé an t-aontachas do Choinbhinsiún ICCAT a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Glacann ICCAT bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin a chosaint. Tá bearta den sórt sin ina gceangal ar an Aontas.

(3) Ó glacadh Rialachán (AE) 2023/2833, tá moladh 24-16 ([3]) i ndáil le cur i bhfeidhm an chláir leictreonaigh maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm glactha ag ICCAT ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024. Áirítear i Moladh 24-16 ó ICCAT forálacha lena ndéantar maoluithe buana de mhaoluithe sonracha ar fhaisnéis trádála laistigh den Aontas agus faisnéis clibeála áirithe a thuairisciú, agus le meáchan tuinníní gorma aonair a chinneadh, i bhfianaise an ualaigh riaracháin iomarcaigh agus na ndifríochtaí ó thaobh cóireála de a eascraíonn as na ceanglais sin maidir le bailíochtú.

(4) Thairis sin, le Moladh 24-16 ó ICCAT, maidir leis an modh lena gcinntear laistigh den Aontas, garmheáchan iasc aonair laistigh den ghabháil a luaithe a dhíluchtaítear í, tugtar an modh sin i gcomhréir leis na cleachtais atá ann faoi láthair, ós rud é go ndéantar gach iasc a thugtar i dtír a mheá agus nach bhfuil gá le sampláil chun meánmheáchan tuinníní gorma aonair a thugtar i dtír a chinneadh.

(5) Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/2833 a leasú dá réir sin.

(6) Ós rud é go mbíonn tionchar díreach ag na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

([1]) IO L, 2023/2833, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2833/oj).
([2]) Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj).
([3]) Moladh 24-16 ó ICCAT, (https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2024-16-e.pdf).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2023/2833**

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2833 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(4):

   ‘4. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil maidir le cur chun feidhme an mhaolaithe sin. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis faoin bhfíorú a dhéanfaidh na Ballstáit dá bhforáiltear in Airteagal 9, faisnéis faoi thorthaí an fhíoraithe sin agus sonraí faoi na himeachtaí trádála lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis staidrimh ábhartha, amhail an méid tuinníní gorma agus líon na dtrádálacha a chumhdaítear leis an maolú sin.’;

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6(5):

   ‘5. De mhaolú ar mhír 4, pointe (b)(v), den Airteagal seo, i gcás an iascaigh sin atá faoi réir na maoluithe i ndáil le híosmhéid tagartha caomhnaithe faoi Rialachán (AE) 2023/2053, féadfaidh na Ballstáit, ina ionad sin, garmheáchan iasc aonair laistigh den ghabháil a sholáthar a luaithe a dhíluchtaítear í, agus cinnfear an meáchan sin trí mheánluach mheáchan iomlán na ngabhálacha a thugtar i dtír a ríomh i gcoibhneas leis an líon iasc aonair trí chéile.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN